CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/545 ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Márta 2023

lena gceaptar triúr comhaltaí agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint do na tograí ó rialtas na Gearmáine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 25 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/2112 ([3]), lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíocháin triúr comhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Birgit HONÉ a cheapadh agus tar éis do Franz RIEGER agus Bernd Claus VOß éirí as oifig.

(4) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Claus Christian CLAUSSEN agus Clemens LAMMERSKITTEN a cheapadh.

(5) Mhol rialtas na Gearmáine na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Alex DOROW, *Mitglied des Bayerischen Landtags* (Feisire de Pharlaimint Stáit na Baváire), Erika VON KALBEN, Mitglied des Schleswig-Holsteinischen Landtages (Comhalta de chuid Pharlaimint Stáit Schleswig-Holstein), agus Matthias WUNDERLING-WEILBIER, *Staatssekretär für Bundes- und Europaangelegenheiten und Regionale Entwicklung, Niedersächsisches Ministerium für Bundes- und Europaangelegenheiten und Regionale Entwicklung* (an Rúnaí Stáit do Ghnóthaí Cónaidhme agus Eorpacha agus don Fhorbairt Réigiúnach, Aireacht Gnóthaí Cónaidhme agus Eorpacha agus Forbartha Réigiúnaí Stát na Sacsaine Íochtaraí).

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

([3]) Cinneadh (AE) 2021/2112 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún (IO L 429, 1.12.2021, lch. 151).

(6) Mhol rialtas na Gearmáine na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Anna KEBSCHULL, *Landrätin des Landkreises Osnabrück* (Coimisinéir Dúiche Osnabrück), agus Werner SCHWARZ, *Minister für Landwirtschaft, ländliche Räume, Europa und Verbraucherschutz des Landes Schleswig-Holstein* (Aire Talmhaíochta, Limistéar Tuaithe, Gnóthaí Eorpacha agus Cosanta Tomhaltóirí Stát Schleswig-Holstein),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhaltaí:

— Alex DOROW, *Mitglied des Bayerischen Landtags* (Comhalta de chuid Pharlaimint Stáit na Baváire),

— Erika VON KALBEN, *Mitglied des Schleswig-Holsteinischen Landtages* (Comhalta de chuid Pharlaimint Stáit Schleswig-Holstein),

— Matthias WUNDERLING-WEILBIER, *Staatssekretär für Bundes- und Europaangelegenheiten und Regionale Entwicklung, Niedersächsisches Ministerium für Bundes- und Europaangelegenheiten und Regionale Entwicklung* (an Rúnaí Stáit Gnóthaí Cónaidhme agus Eorpacha agus Forbartha Réigiúnaí, Aireacht Gnóthaí Cónaidhme agus Eorpacha agus Forbartha Réigiúnaí Stát na Sacsaine Íochtaraí),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Anna KEBSCHULL, *Landrätin des Landkreises Osnabrück* (Coimisinéir Dúiche Osnabrück),

— Werner SCHWARZ, *Minister für Landwirtschaft, ländliche Räume, Europa und Verbraucherschutz des Landes Schleswig-Holstein* (Aire Talmhaíochta, Limistéar Tuaithe, Gnóthaí Eorpacha agus Cosanta Tomhaltóirí Stát Schleswig-Holstein).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. EDHOLM